



FORBAIRT FOSTAITHE

Foireann Mhúinteoireachta Iarbhunscoile

1. BEARTAS

Is cuid lárnach den eagraíocht í oiliúint agus forbairt fostaithe, agus is í ceann de na príomhghnéithe a chuideoidh le tosaíochtaí straitéiseacha an BOO a chur i gcrích. Is é beartas an BOO go mbeadh feidhm ag prionsabail agus cleachtais chomhionannais deiseanna i ndáil le hoiliúint agus eispéiris foghlama ar an láthair oibre agus lasmuigh den láthair araon maidir le gach fostaí.

Spreagtar fostaithe chun na scileanna, na cumais agus na cáilíochtaí a theastaíonn uathu a fháil agus a choinneáil chun:

- cuspóirí straitéiseacha an BOO a chomhlíonadh.
- seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.
- gairme agus forbairt phearsanta a fheabhsú,

Aithníonn an BOO go gcaithfidh oiliúint agus forbairt leanúint ar aghaidh ag gach céim de ghairm bheatha an duine aonair agus tá sé tiomanta do dheiseanna oiliúna agus forbartha a sholáthar d'fhostaithe chun go mbeidh siad in ann a lánacmhainneacht a bhaint amach. Áirítear leis seo spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe chun oideachas agus oiliúint bhreise ábhartha a shaothrú ina gcuid ama féin.

2. OILIÚINT INSEIRBHÍSE

2.1 Ba chóir do mhúinteoirí dara leibhéal iarratas a dhéanamh chuig bainistíocht na scoile le haghaidh cead a fháil chun freastal ar chúrsaí Inseirbhíse etc. Gheobhaidh scoileanna leithdháileadh le haghaidh Inseirbhíse gach bliain airgeadais (Eanáir-Nollaig). Ar an mbealach seo, táthar ag súil go n-eagrófar an t-Inseirbhíse ar bhealach pleanáilte lena chinntiú go n-úsáidfear acmhainní ar an mbealach is fearr chun forbairt foirne.

2.2 Féadfaidh an Bord Bainistíochta (i) múinteoirí a údarú chun freastal ar chúrsaí, comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe a bhaineann le cúrsaí oideachais, (ii) acmhainní a mholadh le haghaidh táillí cúrsa, taistil agus cothabhála i gcomhréir le rialacháin na Roinne Oideachais.

Tá an t-údarú seo faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:-

- (a) Nach scaoilfear aon mhúinteoir saor mura ndéantar socruithe cuí ionas nach mbeidh a chuid/a cuid mac léinn faoi mhíbhuntáiste mar thoradh ar an neamhláithreacht.



- (b) Ní fhéadfar ionadaithe íoctha a fhostú mura bhfuil údarú sonrach tugtha dóibh ag an Roinn Oideachais.
- (c) Go gcinntíonn an Bord Bainistíochta nach roghnaítear ach na múinteoirí agus na cúrsaí atá oiriúnach do riachtanais na scoile agus do leas na mac léinn amháin.
- (d) Go seachnaítear caiteachas neamhriachtanach a eascraíonn as freastal beirt mhúinteoirí nuair a bheadh duine amháin leordhóthanach.
- (e) Sula dtugtar faoi chúrsa etc., go gcuireann múinteoirí iarratas foirmiúil isteach chuig an BOO ar an bhfoirm oifigiúil agus go leagtar amach sna hiarratais seo, i dtéarmaí sonracha, sonraí na gcostas go léir atá i gceist agus socruithe maidir le freastal ar ranganna i gcás inarb iomchuí.
- (f) Go gcuirfidh múinteoirí tuarascáil ar an gcúrsa agus teastas tinrimh isteach laistigh de mhí amháin ó chríochnú an chúrsa.
- (g) Go mbeidh an t-iarratas agus na tuarascálacha sin ar fáil don BOO ach iad a iarraidh ionas gur féidir éifeachtúlacht oideachais an chúrsa a mheas.
- (h) Idir chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, féadfaidh an Príomhoide freastal ar chúrsaí gearrthéarmacha inseirbhíse a cheadú agus fógra a thabhairt don Bhord ina dhiaidh sin.

2.3 **Táillí an Chúrsa**

Ní íocfar táillí cúrsa ar chúrsaí a eagraíonn an Roinn Oideachais. Níor cheart cúnamh airgeadais a cheadú do chúrsaí a mbíonn cáilíochtaí bunúsacha múinteoireachta mar thoradh orthu (e.g. C.T.G.).

I gcás cúrsaí atá níos faide ná trí mhí, ní mór don Phríomhoide cinneadh an Bhord Bainistíochta a dheimhniú chun a chinntiú go gcuirtear socruithe cuí ionadaíochta i bhfeidhm agus go gcomhlíonann na socruithe seo le rialacháin na Roinne.

- 2.4 Sa chás nach bhfaightear fógra faoi chúrsaí, cruinnithe etc. in am le breithniú ag an mbord bainistíochta, ba chóir go n-údarófaí don Phríomhoide tinrimh múinteoirí agus caiteachas suas le € 500 a cheadú go dtí go gceadóidh an Bord é ag a chéad chruinniú eile.

2.5 **Liúntais Taistil & Cothaithe**

Ba chóir do mhúinteoirí a bhfuil sé ar intinn acu liúntais a éileamh an rolla sínithe a shíniú ar an gcéad lá agus ar an lá deireanach den chúrsa nó a chinntiú go dtugtar faoi deara iad go laethúil ar an gclár tinrimh, má choinnítear ceann. Ní íocfar liúntais leo siúd nach bhfreastalaíonn go sásúil ar an gcúrsa críochnaithe mura léiríonn siad go raibh cúis mhaith acu lena neamhláithreach.

Íocfar liúntais taistil de réir an ráta bus nó traenach is ísle atá i bhfeidhm ag an am. Mura bhfuil iompar poiblí ar fáil, íocfar liúntas gluaisteáin de réir rátaí ceadaithe. Agus



tú ag taisteal ón mbaile, ba chóir éileamh a dhéanamh ar an mbealach is giorra idir an baile/oifig agus an ceann scríbe.

Ní bheidh liúntais taistil iníoctha ach amháin nuair a thaistealaíonn múinteoir chuig agus ó chúrsa gach lá. Nuair a thaistealaíonn múinteoir chuig an gcúrsa agus ar ais gach lá, ní rachaidh méid an liúntais taistil is iníoctha thar méid na liúntas taistil agus cothaithe a bheadh iníoctha dá mbeadh ar an múinteoir cónaí ar shiúl óna ghnátháit/gnátháit chónaithe.

Íocfar liúntais cothaithe de réir na rátaí ceadaithe i leith gach oíche a gceanglaítear ar mhúinteoir cónaí amach óna ghnátháit/gnátháit chónaithe agus é/í ag freastal ar chúrsa.

Nuair is cúrsa cónaithe atá ann, ní mór do rannpháirtithe an difríocht idir costas in aghaidh an duine agus an liúntas cothaithe a íoc iad féin. Ní íocfar liúntais cothaithe ach le múinteoirí a éilíonn go gcaithfidh siad cónaí ar shiúl ón mbaile, a ngnátháit chónaithe, de bharr a bhfreastal ar chúrsaí.

Ba chóir iarratas ar liúntais Taistil & Cothaithe a dhéanamh ar chóras T&S ar líne an BOO.

- 2.6 Ba chóir do Phríomhoidí ar mian leo freastal ar chúrsaí etc. a n-iarratais a chur faoi bhráid an POF lena gceadú.

Ní chuirfear costas na gcúrsaí inseirbhíse a bhfreastalaíonn Príomhoidí orthu i gcoinne leithdháiltí inseirbhíse na scoile. Ceadóidh an POF an maoiniú sin go díreach.

2.7. **Treoirí/Tuiscint Ghinearálta**

Tá aisíocaíocht táillí faoi réir srianta buiséid agus déileálfar le gach iarratas ar leithligh agus gan tagairt mhíchuí do fhasaigh

- 2.7.1 Má éilíonn BB/BOO ar mhúinteoir tabhairt faoi chúrsa oiliúna, ba chóir na táillí iomlána don chúrsa a mheas ina leith seo.
- 2.7.2 Níor chóir do mhúinteoirí atá ag freastal ar Chéimeanna Máistreacht níos mó ná 25% den táille a fháil.
- 2.7.3 Féadfaidh cúrsaí Diplóma/Teastais a bhaineann le forbairt ghairmiúil suas le 50% de tháillí an chúrsa a fháil. I gcúinsí eisceachtúla ina spreagann Bord Bainistíochta na Scoile Diplómaí/Teastais níos mó ná 50% nó ina bhféadfar táille iomlán a íoc.
- 2.7.4 D'fhéadfadh cúrsaí gearrthéarmacha inseirbhíse nó forbartha gairmiúla a bheith incháilithe don táille iomlán má mholann an BOO/Bord é seo.





3. **Nósanna Imeachta Iarratais**

Ba chóir do gach iarratasóir **cead a fháil roimh ré** le aghaidh cúrsaí atá le déanamh.

Ba chóir do mhúinteoirí iarratas a dhéanamh ar an bhfoirm chaighdeánach “*Iarratas Múinteora ar Chúrsaí Inseirbhíse*” ar an ngnáthbhealach trí Bhord Bainistíochta na Scoile. Ba chóir don Phríomhoide a dheimhniú go bhfuil an t-iarratas in ord agus é a chur ar aghaidh chuig an bPríomhoifig, an Roinn AD (Aonad Oideachais) le haghaidh íocaíochta.

Ba chóir go mbeadh na doiciméid seo a leanas ag gabháil le hiarratas an mhúinteora:

- Admháil maidir le táillí an chúrsa
- Teastas tinrimh
- Foirm Iarratais Íocaíochta Chomhlánaithe
- Ráiteas Sínithe Gealltanais chun Táillí a Aisíoc (*más iomchuí*).

Ba chóir iarratais a chur faoi bhráid na Roinne AD a luaithe is féidir i ndiaidh chruinniú an Bhoird Bhainistíochta.

4. **Íocaíocht Fóirdheontais Eile**

I gcás ina bhfuil iarratasóir ag fáil íocaíochta cheana féin nó ag baint leasa as foinse eile i dtreo chostas tháillí an chúrsa atá i gceist, laghdófar méid na dtáillí atá incháilithe le haghaidh íocaíochta faoin scéim de réir mhéid na n-íocaíochtaí nó na bhfóirdheontas sin.